



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

Fógra Príobháideachais – Soláthar Seirbhíse Freagartha Glaonna Lasmuigh d'Uaireanta Oibre & Éigeandála

Is í Comhairle Chontae na Gaillimhe an t-údarás áitiúil do Chontae na Gaillimhe agus d'fhonn a feidhmeanna a chur i gcrích, éilítear ar Chomhairle Chontae na Gaillimhe méid suntasach “Sonraí Pearsanta” a phróiseáil laistigh de bhrí na nAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 / 2003/2018 (“na hAchtanna”) agus na rialachán Eorpach 2016/679 (GDPR). Tugann Comhairle Chontae na Gaillimhe aird ar chearta príobháideachais na ndaoine sin a ndéanaimid a gcuid Sonraí Pearsanta a phróiseáil agus tá sí ar an eolas maidir lena cuid oibleagáidí faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí.

Tugtar míniú san **Fhógra Príobháideachais** seo maidir le mar a dhéanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe Sonraí Pearsanta a bhailíonn Key Answering Ltd a phróiseáil, (ag Trádáil mar Arema Connect Ltd), an soláthróir seirbhíse atá á fhostú chun Seirbhís Freagartha Glaonna Lasmuigh d'Uaireanta Oibre & Éigeandála a chur ar fáil do dhaoine den phobal agus cliant de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe a dteastaíonn uathu teagmháil a dhéanamh leis an gComhairle lasmuigh d'uaireanta oibre chun teagmhas a thuairisciú.

Cén cineál sonraí a bhailímid agus conas mar a bhaileofar iad?

Nuair a dhéanann tú teagmháil leis an gComhairle ar an bhfón lasmuigh d'uaireanta oibre chun teagmhas a thuairisciú, déanfar do ghlaoch a chur ar aghaidh chuig ionad teagmhála ár soláthóra seirbhíse Key Answering Ltd agus iarrfar ort na sonraí a leanas a chur ar fáil go díreach:

- Ainm an ghlaiteora, uimhir theagmhála don ghlaiteoir, seoladh poist iomlán agus, nuair is féidir, éirchód, cineál teagmhais, ceantar agus áit an Eachtra, an méid práinne atá i gceist

Bailítear do chuid sonraí le gur féidir an cheist nó an teagmhas atá á thuairisciú agat a phróiseáil agus an cineál ceiste/teagmhais atá á thuairisciú a dheimhniú:

- Déanfar glaonna nach bhfuil práinn ag baint leo a chur ar aghaidh chuig Comhairle Chontae na Gaillimhe do ghníomhaíocht leantach le linn gnáthuaireanta oibre
- Déanfar glaonna a bhfuil práinn ag baint leo (tuairisciú saincheistanna a cheaptar gur contúirt don phobal iad) a chur ar aghaidh chuig baill foirne atá ar glao-dualgas agus tabharfar an t-eolas is déanaí duit maidir le hamscála an réitigh.

Cén bunús dlí atá againn do Shonraí Pearsanta a phróiseáil?

Is mar seo a leanas an bunús dlí atá ag Comhairle Chontae na Gaillimhe Sonraí Pearsanta a bhailítear uait a phróiseáil:

- Airteagal 6(1)(e) - is gá an phróiseáil a dhéanamh chun cúram a chur i gcrích a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail nó i bhfeidhmiú údarais oifigiúil atá dílsithe don rialaitheoir, maidir leis an gcomhairle, déantar an t-údarás oifigiúil a dhílsiú ionainn faoin Acht Rialtais Áitiúil 2001, arna leasú.

Cé leis a roinnfear do Shonraí Pearsanta?

D'fhéadfaimis do shonraí pearsanta a roinnt go himheánach le rannóga ábhartha d'fhonn an bunús dlí thuasluaite a chomhlíonadh.



Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

Fógra Príobháideachais – Soláthar Seirbhíse Freagartha Glaonna Lasmuigh d'Uaireanta Oibre & Éigeandála

Tá Key Answering Ltd fostaithe chun Seirbhís Freagartha Glaonna Lasmuigh d'Uaireanta Oibre & Éigeandála a chur ar fáil do dhaoine den phobal agus claint de chuid Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Ní dhéanann Key Answering Ltd do chuid sonraí pearsanta a phróiseáil ach faoi threoir Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Tá Comhaontú Próiseála Sonraí i bhfeidhm idir Comhairle Chontae na Gaillimhe & Key Answering Ltd lena chinntiú go mbaintear amach ceanglais na reachtaíochta um Chosaint Sonraí i ndáil le faisnéis phearsanta a láimhseáil.

Glacfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe céimeanna lena chinntiú go bhfuil nochtadh sonraí pearsanta ar bith a dhéantar riachtanach agus comhréireach, de réir mar a éilítear faoin dlí.

Conas mar a chosnóimid do Shonraí Pearsanta?

Stórálfar aon sonraí a bhaileoimid uait faoi rún agus go slán mar a éilíonn Ráiteas Príobháideachta, Polasaí Cosanta Sonraí Chomhairle Chontae na Gaillimhe agus i gcomhréir leis an gComhaontú Próiseála Sonraí atá i bhfeidhm le Key Answering Ltd. Tá Comhairle Chontae na Gaillimhe tiomanta do a chinntiú go ndéantar gach rochtain, úsáid agus próiseáil ar shonraí Chomhairle Chontae na Gaillimhe a chur i gcrích ar bhealach sábháilte.

Déanfar do shonraí a stóráil ar ardáin TF slán laistigh den LEE atá faoi réir cheanglais Eorpacha um chosaint sonraí freisin.

Cá fhad a choinneoidimid do Shonraí Pearsanta?

Ní choinneofar faisnéis a phróiseálann Key Answering Ltd i ndáil le glaoch a fuarthas thar ceann Chomhairle Chontae na Gaillimhe níos faide ná 6 mhí. Déanfaidh Arema Connect Ltd í a léirsciosadh/a scriosadh ina dhiaidh sin.

Céard iad do chearta?

Chun tuilleadh eolais a fháil faoin mbealach a bpróiseálann Comhairle Chontae na Gaillimhe Sonraí Pearsanta agus faoi do chearta, féach, Ráiteas Príobháideachais agus Polasaí Cosanta Sonraí Chomhairle Chontae na Gaillimhe atá le fáil ar láithreán gréasáin na Comhairle galway.ie.

NÓ

Féadfaidh tú teagmháil a dhéanamh le hOifigeach Cosanta Sonraí Chomhairle Chontae na Gaillimhe ag 091 509319 nó dpo@galwaycoco.ie

An Ceart Gearán a Dhéanamh chuig Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí

Mura bhfuil tú sásta le toradh an fhreagra atá faighte agat ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe i ndáil le d'iarraidh, tá tú i dteideal gearán a dhéanamh leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí agus d'fhéadfadh sé an cás a fhiosrú duit.

Is é www.dataprotection.ie láithreán gréasáin Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí nó is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Oifig ar:

Uimhir Íosghlao: 1890 252 231

Ríomhphost: info@dataprotection.ie

Seoladh Poist: An Coimisinéir Cosanta Sonraí, Teach na Canálach, Bóthar an Stáisiúin, Cúil an tSúdaire, Co. Laoise, R32 AP23.